EAGRÁN 47 AIBREÁN 2018

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Ag an bpointe is fuide amach ag Barr na Rinne, os cionn Cuan Phort a' Chlóidh, bhí foirgneamh beag a dtugtaí Teachaín a' Watch air. This historic landmark was decimated by a storm and efforts are now underway with the relevant authorities to re-erect and preserve the building and present its story to the wider community. (*tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 5*)

*** Nuachtlitir Áitiúil**

*** A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Published four times a year**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála – Contact Details	2
Gaeilge Iorrais – Irish Language Plan	3
An Ghaeilge sa bPobal – Irish in the Community	3-4
Teachaín a' Watch Look Out Post	5-6
Scéalta Eile – Other News	6-9

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Séamus Ó Murchú
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, Uinsíonn Mac Graith agus Bríd Ní Sheighin.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Gaeilge Iorrais / Irish Language Plan



De réir Acht na Gaeltachta 2012, caithfidh chuile phobal Gaeltachta plean teanga a réiteach agus a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid na Gaeilge ina cheantar. Mura ndéantar é seo, tá baol ann go gcaillfear a stádas Gaeltachta. Tá Gaeilge Iorrais freagrach as an bpróiseas seo a stiúradh i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh, i gcomhar le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara. Tá cónaí ar 7,199 duine nó thart ar 70% de dhaonra na Gaeltachta i Maigh Eo sa cheantar fairsing seo, a shíneann ón bhFód Dubh go Béal Deirg, ó Cheathrú Thaidhg go Dumha Thuama agus chuile áit idir eatartu. Ceapadh an Dr Laoise Ní Dhúda mar chomhairleoir pleanála teanga neamhspleách chun an obair seo a chomhordú.

Tar éis próiseas chuimsitheach chomhairliúcháin, cuireadh ***Plean Teanga Mhaigh Eo Thuaidh (2018-2024)*** *le chéile, ina leagtar amach 34 beart in 11 réimse difriúil. Beidh maoiniú ceart, acmhainní daonna cuí, rannpháirtíocht ghníomhach an phobail agus na n-údarás ag teastáil chun an plean a fheidhmiú go héifeachtach agus na spriocanna a chomhlíonadh.*

Cuireadh an plean faoi bhráid Údarás na Gaeltachta i lár mhí Eanáir agus tá sé imithe ar aghaidh chuig An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ó shin. Ag leanacht uaidh seo, tosóidh plean feidhmithe seacht mbliana, nuair a bheidh an plean faofa ag an Aire agus maoiniú ar fáil chun é a fheidhmiú.

Under Acht na Gaeltachta 2012 every Gaeltacht community must prepare and implement a language plan to support and develop Irish language use in their area. If they don't do this, they could lose their Gaeltacht status. *Gaeilge Iorrais* is responsible for overseeing this process in Maigh Eo Thuaidh (North Mayo Gaeltacht area), in consultation with local communities and various stakeholders. 7,199 people or c .70% of the Mayo Gaeltacht population live in this vast area, which spans from Fód Dubh to Béal Deirg, Ceathrú Thaidhg to Dumha Thuama and everywhere in between. Dr Laoise Ní Dhúda, an independent language planning advisor, was appointed to facilitate and co-ordinate the work required.

Following an extensive consultation process, the **North Mayo Language Plan (2018-2024)** was compiled where 34 recommendations or specific measures are proposed in 11 key areas. Adequate funding and human resources, as well as active community and agency participation will be required to implement the plan effectively, achieve targets and ensure community participation.

The plan was submitted to Údarás na Gaeltachta in mid-Jamuary and has since been forwarded to the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht. Following on from this, a 7 year implementation programme will commence, pending plan approval and funding.

Tuilleadh eolais: gaeilgeiniorras@gmail.com 085 250 3321

Bliain na Gaeilge *Is é 2018 'Bliain na Gaeilge' agus beidh Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú imeachtaí éagsúla i rith na bliana. Coinnigí súil amach sna nuachtáin áitiúla agus ar www.gaeilge2018.ie*

2018 is 'Bliain na Gaeilge' and Comhar Dún Chaocháin Teo will be organizing various events throughout the year. Keep an eye on local newspapers and on www.gaeilge2018.ie for details.

Grúpa as Baile Chathail a thug cuairt ar an Seanscoil go deiridh. The Charlestown Heritage and Landscape Group visited the Seanscoil recently to attend a presentation by Uinsíonn Mac Graith on local Irish placenames.

Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile / Irish Language Centre

Le fada an lá tá buanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail ar cheann de na príomhspriocanna atá ag Comhar Dún Chaocháin Teo agus fo-choiste Ghlór na nGael. Chuige sin cuireadh Ionad Seirbhísí Teanga ar bun sa Seanscoil, áit a bhfuil seirbhísí teanga ar fáil de réir éilimh. Ins an ionad tá seomra oiliúna agus leabharlann le haghaidh ranganna Gaeilge, seisiúin chomhrá, cúrsaí aistriúcháin &rl. maraon le hacmhainní tacaíochta foghlama ar nós leabhair, téipeanna, fiseáin agus bogábhar ríomhaireachta. Tá an t-ionad mar áis do scolairí, grúpaí áitiúla foghlama agus grúpaí a thugann cuairt ar an gceantar le Gaeilge a fhoghlaim nó le taighde a dhéanamh.

For many years the promotion of Irish as a community language has been one of the main objectives of Comhar Dún Chaocháin Teo and its sub-committee Glór na nGael. An Irish Language Centre was established in the Seanscoil, where language services are available on demand. The centre houses a training room and library for Irish language classes, translation services etc. as well as learning resources such as books, tapes, videos and

computer software. The centre is a resource for students, local learning groups and groups who visit the area to learn Irish or to carry out research.

Seachtain na Gaeilge 2018

Is í Seachtain na Gaeilge, a bhí ar siúl ó 1ú go 17ú Márta, ceann de na féilte idirnáisiúnta Ghaeilge is mó. Mar chuid den chlár d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo imeachtaí éagsúla ina measc oíche sheanchais faoi bhéaloideas an cheantair, ranganna damhsa traidisiúnta agus ranganna ceoil, scéalaíocht le páistí an naíonra, agus taispeántas grianghraif sa Seanscoil dar teidil 'Muintir Dhún Chaocháin'. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le Conradh na Gaeilge as ucht a chomhoibriú. D'eagraigh Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg ócáid speisialta sa Seanscoil chomh maith nuair a tháinig páistí scoile agus daoine fásta le chéile chun chluichí cártaí a imirt.

Seachtain na Gaeilge, which took place this year from 1st to 17th March, is one the biggest international Irish-language festivals. To coincide with this Comhar Dún Chaocháin Teo organized various activities including a night of conversation and storytelling based on local folklore, traditional dancing and music classes, storytelling with children from the naíonra, and a photographic exhibition in the Seanscoil entitled 'Muintir Dhún Chaocháin'. The committee would like to thank Conradh na Gaeilge for its co-operation. Ceathrú Thaidhg National School also organized a special event in the Seanscoil where the schoolchildren and adults enjoyed an evening of card-playing.

Ranganna Gaeilge / Irish Classes

Beidh Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin ag leanacht ar aghaidh leis na ranganna comhrá Gaeilge sa Club-theach i nGleann na Muaidhe sa bhfómhar. Beidh fáilte roimh imreoirí, bainisteoirí, oifigí an chlub agus éinne eile gur mian leo snas nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó fiú amháin cúpla focal a fhoghlaim. / Cill Chomáin G.A.A. will continue its conversational Irish classes in the Club-house, Gleann na Muaidhe in the autumn. Players, managers, club officers and anyone who would like to improve on their existing ability in Irish or learn from the beginning are welcome. Bain trial as an cúpla focal.

Teachaín a' Watch Look Out Post

Ag an bpointe is fuide amach ag Barr na Rinne, os cionn Cuan Phort a' Chlóidh, bhí foirgneamh beag a dtugtaí Teachaín a' Watch air. Mar chéim chosanta thóg Seirbhís na nGardaí Cósta na tithe faire seo ar feadh an chósta chun súil a choinneáil ar na báid cogaidh i rith an Dara Cogadh Domhanda. In aice láimhe tá uimhir an stáisiúin 'EIRE 63' leagtha amach ar an talamh le clocha bána agus d'fhéadfaí é a fheiceáil ón aer. Faraoir, leag stoirm an foirgneamh stairiúil seo go talamh. Tá iarrachtaí dá dhéanamh anois leis na heagraíochtaí cuí chun an foirgneamh a ath-thógáil, a chaomhnú agus a scéal a chur faoi bhráid an phobail.

Sa gCartlann Míleata i mBeairic Chathail Brugha, Baile Átha Cliath tá deich leabhar tuairisce, a scríobh na fir faire idir 09/09/1939 agus 15/06/1945. Tá siad le fáil anois i bhfoirm digiteach agus déantar cur síos laethúil iontu ar na himeachtaí a bhí ar siúl, mar shampla, na heitleáin agus na báid chogaidh a tháinig an bealach, na coirp agus na mianaigh a tháinig i dtír arl. Nuair a bhéas an tionscnamh seo críochnaithe beidh deis ag an bpobal na taifid seo a scrúdú don chéad uair.

Go dtí seo, tá comhoibriú agus tacaíocht iontach faighte againn ó Amelia Stein (Aosdana agus RHA) a bhfuil taighde cuimsitheach déanta aici ar an ábhar ; Micheál Ó Tuathail atá ag bailiú eolais ó na leabhair thuairisce ; An Dochtúir

Micheál Ó Cinnéide (cartlannaí sa gCartlann Míleata, Acadamh Ríoga na hÉireann agus údar an leabhair 'Guarding Ireland's Neutrality') ; Stiofán Mac Eoin (Cartlannaí), Noelle Grothier (Leabharlannaí) agus Daniel Ayiotis sa gCartlann Míleata i mBeairic Chathail Brugha ; Catriona Crowe ; Eugene Mac Guidhir (Innealtóir Tógála) ; Pádraig Ó Dochartaigh agus rannphairtithe Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin ; Ailtirí McCullough Mulvin atá ag cuidiú maidir le cleachtas ailtireachta ; agus oifigeach siúlóide agus turasóireachta Chomhairle Chondae Mhaigh Eo Anna Connor.

De réir mar a théann an tionscnamh chun cinn déanfaidh Amelia agus triúr ealaíontóir clúiteach eile (mar atá Pat Harris, Mick O' Dea – Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann, agus Linda Ruttelync) cur i láthair ar scéal an fhoirgnimh tré mheán na healaíne, na dealbhóireachta agus na ghrianghrafadóireachta. Tabharfar cuireadh do scoileanna áitiúla páirt a ghlacadh sa chuid seo den tionscnamh. Tá sé beartaithe agallaimh a dhéanamh le clanna na bhfear faire chomh maith ar mhaithe le cúrsaí béaloidis.

At Barr na Rinne overlooking Port a' Chlóidh Bay a former look out post, known locally as Teachaín a' Watch, was located. These look-out posts were built around the coast during World War II for the Coastwatching Service by the Office of Public Works. Nearby the number of the station 'EIRE 63' is outlined on the ground in quartz stone and this was visible from the air, a symbol of Ireland's neutrality. Unfortunately, this historic landmark was the victim of a storm which decimated the building. Efforts are now underway with the relevant authorities to re-erect and preserve the building and present its story to the wider community.

Ten logbooks, which were maintained by the voluntary Coast-watchers between 09/09/1939 and 15/06/1945, are housed in the Military Archives at Cathal Bruagh Barracks, Dublin. These are now digitized and contain a daily record of events including passing aircraft and sea-craft, bodies and mines washed ashore etc. The completion of the project will give the community an opportunity to examine these records for the first time.

To date we have received great co-operation and support from Amelia Stein (Aosdana and the RHA) who has carried out extensive research on the subject ; Michael O' Toole who is collecting data from the logbooks ; Dr Michael Kennedy (Executive Editor of Documents on Irish Foreign Policy in the Royal Irish Academy and author of the book *Guarding Ireland's Neutrality*) ; Stephen Mac Eoin (Archivist), Noelle Grothier (Librarian) and Daniel Ayiotis in the Military Archives at Cathal Bruagh Barracks ; Catriona Crowe ; Eugene Maguire (Construction Engineer) ; Pádraig Ó Dochartaigh and participants on the Cill Chomáin Rural Social Scheme ; McCullough Mulvin Architects who are offering assistance on architectural practice ; and Mayo County Council walking and tourism officer Anna Connor.

As the project progresses Amelia and three other renowned artists (Pat Harris, Mick O' Dea - President of the Royal Irish Academy, and Linda Ruttelync) will depict the story of the watch house through the medium of art, sculpture and photography. Local schools will be invited to engage in this aspect of the project. It is also planned to interview the descendants of the Coast-watchers to create an oral history of their memories.

Scéalta Eile / Other News

Siúlóidí / Ceathrú Thaidhg Walks

Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh agus Lúb na Binne Buí) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar le cúpla bliain anois le blas a fháil ar thírdhreach agus ar radharcanna maorga Dhún Chaocháin. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht (glas - easca, gorm - measartha & dearg - dian). Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. Is féidir iad a fheiceáil ar an suíomh idirlíne www.mayotrails.ie chomh maith.

Described as the most spectacular sea-cliff scenery in Ireland, the Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh and Lúb na Binne Buí) continue to attract visitors to the area. Starting and finishing at the

Seanscoil community centre, each loop is waymarked and colour-coded according to its level of difficulty (green - easy, blue - moderate & red - difficult). A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route. They can also be viewed on the website www.mayotrails.ie

Grúpa Scoláirí Meiriceánacha ar Chuairt / American Students Visit

Thug grúpa scoláirí ó Ollscoil Boston, in éineacht lena stiúrthóir acadúil an Dochtúir Rita Ní Dhonnchadha, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Feabhra. Tá na scolairí, atá ag déanamh staidéir ar Chúrsaí Oidhreachta, ag caitheamh téarma in Ollscoil na hÉireann Gaillimh mar pháirt dár dtaithí staidéir thar lear. Rinne Uinsíonn Mac Graith siúlóid treoraithe leo, áit a bhfuair said léargas ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair.

A group of students from Boston College, accompanied by their academic director Dr. Rita Donoghue, visited the parish in February. The students, who are studying Heritage Studies, are spending a term at NUI Galway as part of their study abroad experience. Their visit included a guided walk with Uinsíonn Mac Graith where they gained an insight into the rich cultural heritage of the area.

Comóradh an Bhunoideachais i nGleann na Muaidhe / Celebration of Primary School Education

I mí Iúil eagrófar ócáid speisialta ag comóradh an bhunoideachais i nGleann na Muaidhe. Tá sé beartaithe leabhar a fhoilsiú agus a sheoladh, Aifreann speisialta a chomóradh agus ina dhiaidh beidh oíche shóisialta le ceol agus spraoi. Déanfaidh an leabhar cur síos ar stair an bhunoideachais i nGleann na Muaidhe agus beidh agallaimh le scolairí a d'freastal ar an tseanscoil (atá mar ionad pobail anois) agus ar scoil an lae inniu. Beidh idir bhéaloideas, scéalta, amhráin agus grianghraif scoile ann a thabharfaidh an léitheoir ar thuras siar ar bhóithrín na smaointe. Má tá aon grianghraf scoile agat, nó grianghraf de do chlann (mar shampla, ag bainis nó ag cruinniú clainne) is féidir iad, maraon leis na sonraí a bhaineann leo, a sheoladh ar ríomhphost chuig dunchaochain1@eircom.net nó iad a fhágáil ag Bernie (097 87867) san Angler's Rest. Bheadh an coiste an-bhuíoch d'éinne a bhfuil spéis acu fógra urraithe a thógáil amach a chuideoidh le costas priondála an leabhair. Reachtáilfear an chéad chruinniú eile san Ionad Pobail Dé Céadaoin, 11ú Aibreán, ag 7.00 i.n.

In July a programme of events will be organized to celebrate primary school education in Gleann na Muaidhe, including the publication and launch of a book, the celebration of a special mass followed by a night of music and entertainment. The Book will describe the history of primary school education in Glenamoy and include interviews with students who attended the former school (now the community centre) and the present-day school. It will also include folklore, stories, songs and school photographs to take the reader on a journey down memory lane. If you have a school photograph, or a photograph of your family (for example, at a wedding or a family gathering) you can e-mail them to dunchaochain1@eircom.net or drop them in to Bernie (097 87867) at The

Angler's Rest. Don't forget to include the necessary details. The committee would also be very grateful to anyone who would like to sponsor an advertisement which will go towards the cost of printing the book. The next meeting will be held in the community centre on Wednesday, 11th April, at 7.00 p.m.

An Táin Bó Fliodhais / The Cattle Raid of Mayo

Tá formhór na ndaoine ar an eolas faoin scéal miotasach Táin Bó Cuailgne, ach níl an oiread sin eolas ar scéal ársa eile, sé sin an Táin Bó Fliodhais nó Táin Mhaigh Eo. Déanann sé seo cur síos ar an tslí a lean arm Mheadhbh, ó Ráth Chruacháin i gCondae Ros Comáin isteach go hIorras ar ruaig chreiche eallaigh. Tá an tírdhreach breactha le sean-láithreáin atá luaite go sonrach sa scéal.

Tá réamh-thaighde déanta ag grúpa oibre ar an Táin chun na féidearthachtaí teangeolaíocha, cultúrtha agus turasóireachta a chur chun cinn. Déanfaidh baill an choiste Anthony Brogan agus Jim Henry cur i láthair ar an téama 'The Archaeological Sites Associated with the Táin Bó Fhliodhais' ag comhdháil i gCruachán Ai ar an 14ú Aibreán. Anuas ar sin, tá an coiste ag eagrú féile trí lá i Meitheamh ina dtabharfar cuairt ar chuid de na suíomhanna tábhachtacha ársaí ag Achadh Mór, Leath-ardáin agus Gleann a'Chaisil. Mar chuid den chlár eagrófar comhdháil ina mbeidh aoichainteoirí mar Andrew McDougall & Dr Ulrike Hogg (Leabharlann Náisiúnta na hAlban), Colmán Ó Raghallaigh (Cló Mhaigh Eo) agus Daniel Curley (Bainisteoir Chruacháin Ai) ag déanamh cur i láthair ar an ábhar. Is féidir breis eolais a fháil ó Anthony Brogan ag 087 9544468.

Most people are familiar with the Ulster Cycle of celtic mythological tales including the *Táin Bó Cuailgne.* What is less well known is the story of the *Táin Bó Fliodhais*, a first century epic saga describing a cattle raid which brought Queen Meadhbh and her army from Ráth Chruacháin in County Roscommon on a journey through Mayo to reach their final destination in Erris. The purpose of this venture was to to steal away the queen, Fliodhais, along with her Maol or bountiful hummel cow from Ráth Muireagáin near Gleann a' Chaisil. As the plot unfolds we are drawn in by events which were driven by power, greed, lust, vengeance and deceit.

A working group has carried out preliminary research on the Táin with a view to highlighting its potential as a linguistic, cultural and tourism product in the context of the great Irish cattle raid sagas. Committee members Anthony Brogan and Jim Henry will give a presentation entitled *'The Archaeological Sites Associated with the Táin Bó Fliodhais'* at a conference in Cruachán Ai, Tulsk on 14th April. The committee is also organizing a three-day festival in June, with visits to some of the important ancient sites at Achadh Mór, Lathardaun and Gleann a' Chaisil. The programme will also include a seminar with contributions from Mr Andrew McDougall & Dr Ulrike Hogg (The National Library of Scotland, Edinburgh), Colmán Ó Raghallaigh (Cló Mhaigh Eo) and Daniel Curley (Manager of Cruachán Ai). For further information please contact Anthony Brogan on 087 9544468.

Scolairí i mBun Gnó / Student Enterprises

Comhghairdeas leis na scolairí ó Ghaelcholásite Chomáin a ghlac páirt sa scéim Clár Comhlachta 2018 atá eagraithe ag Údarás na Gaeltachta agus Junior Achievement Ireland chun fiontraíocht agus gnó a spreagadh. Ghlac dá fhoireann ón gColáiste páirt sa gcomórtas – Finscéal, le Laura Ní Dhomhnaill, Ciara Ní Dhéagánaigh, Ailbhe Ní Ghearbháin, agus Eimear Ní Ghearbháin, a chuir leabhar gramadach Gaeilge le chéile chun páistí bunscoile a ullmhú don oideachas meánscoile. Rinne an dara fhoireann DCM, le scolairí Jason Ó Muirithe, Micheál Ó hOirbaird, Micheál T. Ó hÉalaí, Breandán Ó Dochartaigh, Ryan Ó Conghóile agus Dónal Ó Gearbháin, táirgí sainiúla ceardaíochta as miotal agus adhmad.

Congratulations to the students of Gaelcholásite Chomáin on their achievements in the Clár Comhlachta 2018 Scheme which is organized by Údarás na Gaeltachta and Junior Achievement Ireland to promote entrepreneurship and business ideas. Two teams from the Coláiste took part – Finscéal, which comprised students Laura Ní Dhomhnaill, Ciara Ní Dhéagánaigh, Ailbhe Ní Ghearbháin, and Eimear Ní Ghearbháin, produced an Irish Grammar book for children attending primary school to prepare them for entry to secondary school. The second team DCM, comprising students Jason Ó Muirithe, Micheál Ó hOirbaird, Micheál T. Ó hÉalaí, Breandán Ó Dochartaigh, Ryan Ó Conghóile and Dónal Ó Gearbháin, produced a range of customised wood and metal craft products.

Comhlachas na gComharchumann Gaeltachta

Ag cruinniú cinnbhliana Chomhlachas na gComharchumann Gaeltachta & na Comhlachtaí Pobalbhunaithe ar an 21ú Márta i measc rudaí eile rinneadh plé ar chúrsaí pleanála teanga agus ar chúrsaí airgeadais, go mórmhór an gearradh siar atá tagtha ar dheontais reachtála le cúpla bliain anuas. Creideann na baill go bhfuil níos mó curaimí forbartha pobail ná riamh ar na comharchumainn Gaeltachta agus níos lú acmhainní len iad a chur i bhfeidhm. Tá feachtas ar bun chun an cás a chur faoi bhráid na hionadaithe tofa faoi láthair.

At the annual general meeting of *Comhlachas na gComharchumann Gaeltachta & na Comhlachtaí Pobalbhunaithe* which was held on 21st March among the items discussed was Irish-language planning and funding, especially the cutbacks that have taken place in recent years in administration grants. The members are of the opinion, that Gaeltacht co-operatives face more community development challenges than ever but with less resources available to them. A strategy is now underway to make elected representatives more aware of the situation.

The Duets Launch new CD



Bhí an Angler's Rest lán go doras ar an 2ú Feabhra seo caite nuair a bhailigh muintir agus cáirde ó bhaile agus i gcéin le chéile le haghaidh seoladh 'Home to Glenamoy', an dlúthdhiosca is déanaí atá ag na Duets. Agus é ag seoladh an dhlúthdhiosca, ghuí Mick Flavin chuile ráth ar Tommy agus Kathleen Moran as a saothar breá.

The Angler's Rest was packed to capacity on 2nd February last as family and friends from far and wide gathered for the launch of the Duets most recent CD '*Home to Glenamoy'*. While performing the launch, Mick Flavin wished Tommy and Kathleen Moran the best of luck with their latest venture.